RÚN (AE) 2022/1823 Ó PHARLAIMINT NA HEORPA

an 4 Bealtaine 2022

ina bhfuil barúlacha atá ina gcuid dhílis den chinneadh maidir le hurscaoileadh i ndáil le cur chun feidhme bhuiséad Chomhghnóthas um Chealla Breosla agus um Hidrigin 2 (an Comhghnóthas um Hidrigin Ghlan anois) don bhliain airgeadais 2020

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA,

— ag féachaint don chinneadh uaithi maidir le hurscaoileadh i ndáil le cur chun feidhme bhuiséad Chomhghnóthas um Chealla Breosla agus um Hidrigin 2 don bhliain airgeadais 2020,

— ag féachaint do Riail 100 agus d'Iarscríbhinn V a ghabhann lena Rialacha Nós Imeachta,

— ag féachaint don tuarascáil ón gCoiste um Rialú Buiséadach (A9-0075/2022),

A. de bhrí gur cuireadh ar bun an Comhghnóthas um Chealla Breosla agus um Hidrigin ("Comghnóthas FCH") i mí na Bealtaine 2008 mar chomhpháirtíocht phríobháideach phoiblí le Rialachán (CE) Uimh. 521/2008 ([1]) ón gComhairle ar feadh tréimhse go dtí an 31 Nollaig 2017 chun iarrachtaí taighde a mhéadú agus chun dlús a chur le húsáid na gceall breosla agus na dteicneolaíochtaí hidrigine; de bhrí go ndearnadh Rialachán (CE) Uimh. 521/2008 a aisghairm le Rialachán (AE) Uimh. 559/2014 ón gComhairle ([2]);

B. de bhrí gur bunaíodh le Rialachán (AE) Uimh. 559/2014 Comhghnóthas um Chealla Breosla agus um Hidrigin 2 ("Comhghnóthas FCH2") i mí na Bealtaine 2014 chun teacht in ionad agus i gcomharbacht ar Chomhghnóthas FCH ar feadh tréimhse go dtí an 31 Nollaig 2024;

C. de bhrí gurbh ionann comhaltaí Chomhghnóthas FCH agus an tAontas, a ndearna an Coimisiún, Grúpáil Thionscail an Chomhthionscnaimh Teicneolaíochta um Chealla Breosla agus um Hidrigin, agus Grúpáil Taighde N.ERGHY ionadaíocht orthu;

D. de bhrí gurb ionann comhaltaí Chomhghnóthas FCH2 agus an tAontas, agus ionadaíocht á déanamh orthu ag an gCoimisiún, New Energy World Industry Grouping AISBL ("an Ghrúpáil Tionscail"), a athainmníodh mar Hydrogen Europe in 2016, agus New European Research Grouping on Fuel Cells and Hydrogen AISBL ("an Ghrúpáil Taighde"), a athainmníodh mar Hydrogen Europe Research in 2018;

E. de bhrí gurb ionann ranníocaíocht uasta an Aontais lena gcumhdaítear costais oibriúcháin agus oibríochtúla Chomhghnóthas FCH agus EUR 470 000 000 ón Seachtú Clár Réime; de bhrí nach foláir do na ranníocaíochtaí ó na comhaltaí eile a bheith cothrom, ar a laghad, le ranníocaíocht an Aontais;

F. de bhrí gurb é EUR 665 000 000 (lena n-áirítear leithreasuithe CSTE) ón gclár Fís 2020 ranníocaíocht uasta an Aontais le Comhghnóthas FCH2 agus go bhfuiltear ag dréim leis go ranníocfaidh na comhaltaí ó na Grúpálacha Tionscail agus Taighde acmhainní iomlána de EUR 380 000 000 ar a laghad thar na tréimhse a shainítear le Rialachán, lena gcuimseofar ranníocaíochtaí comhchineáil le tionscadail an chláir Fís 2020 arna gcistiú ag Comhghnóthas FCH2, ranníocaíochtaí comhchineáil le gníomhaíochtaí breise de EUR 285 000 000 ar a laghad agus ranníocaíochtaí airgid thirim le costais riaracháin;

Buiséad agus bainistiú airgeadais

1. ag tabhairt dá haire sa tuarascáil ón gCúirt Iniúchóirí ("an Chúirt") maidir le cuntais bhliantúla Chomhghnóthas FCH2 go dtugtar le fios go gcuirtear i láthair go cothrom i gcuntais bhliantúla 2020, ar gach slí ábhartha, staid airgeadais Chomhghnóthas FCH2 ar an 31 Nollaig 2020, torthaí a chuid oibríochtaí, a shreabha airgid thirim, agus na hathruithe ar ghlansócmhainní don bhliain sin a tháinig chun deiridh, i gcomhréir lena Rialachán Airgeadais agus le rialacha cuntasaíochta arna nglacadh ag oifigeach cuntasaíochta an Choimisiúin; ag tabhairt dá haire, thairis sin, ó thuarascáil na Cúirte go bhfuil na hidirbhearta is bun leis na cuntais, dlíthiúil agus rialta ar gach slí ábhartha;

2. ag tabhairt dá haire gur áiríodh sa bhuiséad críochnaitheach a bhí ar fáil do Chomhghnóthas FCH2, lena n-áirítear leithreasuithe ó bhlianta roimhe sin nár úsáideadh agus a cuireadh isteach an athuair, ioncam sannta agus ath-leithdháiltí go dtí an chéad bhliain eile, don bhliain airgeadais 2020 EUR 104 231 642 i leithreasuithe faoi chomhair gealltanas agus EUR 103 779 004 i leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí; ag tabhairt dá haire gur 94,4 % agus 95,3 % faoi seach a bhí i bhforghníomhú foriomlán bhuiséad 2020 maidir le leithreasuithe faoi chomhair gealltanas agus leithreasuithe faoi chomhair íocaíochta;

([1]) Rialachán (CE) Uimh. 521/2008 ón gComhairle an 30 Bealtaine 2008 lena ndéantar an Comhghnóthas um Chealla Breosla agus um Hidrigin a chur ar bun (IO L 153, 12.6.2008, lch. 1).

([2]) Rialachán (AE) Uimh. 559/2014 ón gComhairle an 6 Bealtaine 2014 lena mbunaítear Comhghnóthas um Chealla Breosla agus um Hidrigin 2 (IO L 169, 7.6.2014, lch. 108).

3. ag tabhairt dá haire, ag deireadh 2020, as an ranníocaíocht uasta de EUR 470 000 000 de réir Rialachán (CE) Uimh. 521/2008, gur ranníoc an tAontas EUR 426 127 000 san iomlán in airgead tirim agus i ranníocaíocht chomhchineáil ón Seachtú Clár Réime agus gur ranníoc na comhaltaí ó na Grúpálacha Tionscail agus Taighde EUR 458 275 000 san iomlán in acmhainní bailíochtaithe, acmhainní lena gcuimsítear EUR 440 391 000 i ranníocaíochtaí comhchineáil bailíochtaithe i dtionscadail an Seachtú Clár Réime; ag tabhairt dá haire, ó thuarascáil na Cúirte, le haghaidh an Seachtú Clár Réime ina iomláine, ag deireadh 2020, gur gheall Comhghnóthas FCH2 EUR 428 477 494 do chomhaontuithe deontais a síníodh faoin Seachtú Clár Réime, a bhfuil thart ar EUR 7 062 748 (nó 2 %) de fós le híoc sna blianta amach romhainn, agus maidir le buiséad íocaíochta 2020 de Chomhghnóthas FCH2 a bhí ar fáil le haghaidh thionscadail an Seachtú Clár Réime, ba é 89 % an ráta cur chun feidhme le haghaidh leithreasuithe faoi chomhair íocaíochta;

4. ag tabhairt dá haire gur ranníoc an tAontas EUR 498 577 000 san iomlán le Fís 2020 ag deireadh 2020 agus gur ranníoc comhaltaí ó na Grúpálacha Tionscail agus Taighde EUR 20 630 000 san iomlán i ranníocaíochtaí comhchineáil bailíochtaithe, ranníocaíochtaí lena gcuimsítear EUR 11 916 000 i ranníocaíochtaí comhchineáil bailíochtaithe i dtionscadail Fís 2020 de chuid Chomhghnóthais FCH2; ag tabhairt dá haire, ó thuarascáil na Cúirte, gur ann do leibhéal íseal ranníocaíochtaí comhchineáil bailíochtaithe ó chomhaltaí an tionscail le haghaidh gníomhaíochtaí oibríochtúla arb ionann iad agus EUR 11 916 000, i ngeall go ndeimhníonn Comhghnóthas FCH2 iad níos déanaí sa chlár Fís 2020, nuair a dhéantar an íocaíocht dheireanach le haghaidh na dtionscadal agus nuair atá na deimhnithe maidir le ráitis airgeadais dlite; ag tabhairt dá haire freisin gur ranníoc an Ghrúpáil Tionscail agus Taighde le chéile EUR 1 095 070 000 san iomlán i ranníocaíochtaí comhchineáil le gníomhaíochtaí breise amhail ag deireadh 2020, méid i bhfad níos mó ná an t-íosmhéid de EUR 285 000 000 a leagtar amach sa rialachán lena mbunaítear Comhghnóthas FCH2 le haghaidh thréimhse iomlán an chláir Fís 2020; ag tabhairt dá haire go bhfuil nósanna imeachta éagsúla ann ar fud na gComhghnóthas maidir le ríomh na ranníocaíochtaí comhchineáil agus á iarraidh go ndéanfar iad a chomhchuibhiú;

5. ag tabhairt dá haire, de réir thuarascáil na Cúirte, go bhfuil cleachtas Chomhghnóthas FCH2 i dtaobh leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí nár úsáideadh ó bhlianta roimhe sin a athghníomhachtú chun méid na ngealltanas riaracháin oscailte a chumhdach, ina shiocair le carnadh leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí nár úsáideadh agus go raibh, rud a bhí níos measa de bharr thionchar phaindéim COVID-19, mar thoradh air sin, ráta íseal cur chun feidhme bhuiséad Chomhghnóthas FCH2 (Teideal 2) arbh ionann caiteachas bonneagair agus cumarsáide agus thart ar 3 % de bhuiséad iomlán íocaíochta Chomhghnóthas FCH2 a bhí ar fáil, arbh ionann é agus 56 % ag deireadh 2020; ag cur sonrú sa fhreagra ó Chomhghnóthas FCH2 gur léirigh an buiséad riaracháin ráta cur chun feidhme comhsheasmhach ard idir 75 % agus 80 % do na 4 bliana roimhe sin, agus go raibh an cás éagsúil in 2020, áfach, mar gheall ar an tionchar suntasach a bhí ag paindéim COVID-19 agus nach bhféadfaí cealú na ngníomhaíochtaí a bhí beartaithe suas le 13 % de leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí Theideal 2 a bheith ar eolas go hiomlán roimh dheireadh na bliana; á iarraidh ar Chomhghnóthas FCH2 plean a fhorbairt chun srian a chur le hathghníomhachtú na leithreasuithe faoi chomhair íocaíochta nár úsáideadh mar bhealach chun ráta íseal cur chun feidhme an bhuiséid a chosc;

6. ag tabhairt dá haire gurbh é 97 % ráta cur chun feidhme an bhuiséid a bhí ar fáil do thionscadail an chláir Fís 2020 le haghaidh leithreasuithe faoi chomhair gealltanas agus faoi chomhair íocaíochtaí faoi seach;

Soláthar agus foireann

7. ag tabhairt dá haire, de réir thuarascáil na Cúirte, gur sheol Comhghnóthas FCH2 nós imeachta soláthair oscailte i mí Aibreáin 2020 do chreatchonradh a bhain le cur chun feidhme an tríú céim den tionscadal chun scéim deimhniúcháin H2 a fhorbairt chun an treoir athbhreithnithe maidir le fuinneamh in-athnuaite (REDII) a chomhlíonadh agus, cé go raibh buntáiste maidir le heolas ag an gcuibhreannas a raibh an chéad dá chéim den tionscadal curtha chun feidhme aige cheana, gur bhain Comhghnóthas FCH2 úsáid as an nós imeachta soláthair oscailte chun an tríú céim den tionscadal a chur chun feidhme, agus mar thoradh air sin nár thíolaic ach cuibhreannas amháin tairiscint, cuibhreannas ag a raibh an comhordaitheoir céanna a bhí tar éis an dá chéim roimhe sin a chur chun feidhme, agus rinne sé tairiscint airgeadais a bhí gar do luach uasta measta an chonartha a bhí socraithe sna sonraíochtaí tairsceana; á iarraidh ar Chomhghnóthas FCH2 tuairisc a thabhairt don údarás um urscaoileadh ina leith sin;

8. ag tabhairt dá haire, de réir thuarascáil na Cúirte, i ngeall ar an úsáid a bhaintear as nós imeachta soláthair oscailte i gcás inar ann do bhuntáiste maidir le heolas, nach bhféadfaí an cuspóir maidir leis an gcóimheas is fearr idir praghas agus cáilíocht a bhaint amach ina iomláine agus chun iomaíocht a mhéadú agus lamháil do mheastachán níos fearr ar phraghas ón margadh, moltar do Chomhghnóthas FCH2 réamhthaighde margaidh a dhéanamh ar phraghas agus dul i gcomhairle le cuideachtaí eile atá ag gníomhú sa mhargadh hidrigine; ag cur sonrú sa fhreagra ó Chomhghnóthas FCH2 go ndearna sé taighde ar an margadh inmheánach in éineacht le sonraí airgeadais stairiúla a úsáid chun luach conartha iomchuí a shuíomh, agus sa todhchaí, go gcomhlánóidh Comhghnóthas FCH2 an taighde inmheánach le taighde níos mionsonraithe ar an margadh seachtrach chun an praghas margaidh is cruinne a aimsiú don chonradh;

9. ag tabhairt dá haire gur choinnigh Comhghnóthas FCH2 an post "Bainistiú Eolais ar Sheirbhísí" le sannacháin leanúnacha d'fhoireann eatramhach ar feadh tréimhse de thart ar 2,5 bliain mar gheall ar an iarraidh ó bhord rialaithe Chomhghnóthas FCH2 feabhas a chur ar ról an bhainistithe eolais agus, de réir chreatchonradh an Choimisiúin maidir le seirbhísí eatramhacha, go bhfuil úsáid foirne eatramhacha, áfach, teoranta d'obair oifige de chineál aonuaire nó sealadach, de shiocair méadú eisceachtúil ar an ualach oibre agus/nó feidhmíocht gníomhaíochta aonuaire, nó chun post folamh a líonadh ar feitheamh ball foirne buan á earcú, agus go bhfuil cleachtas Chomhghnóthas FCH2 i gcoinne an phrionsabail sin agus go gcruthaítear go deimhin post buan leis sin, sa bhreis ar an méid atá beartaithe sna pleananna bunaíochta foirne; ag cur sonrú sa fhreagra ó Chomhghnóthas FCH2 go raibh gá leis an bhfoireann eatramhach chun aghaidh a thabhairt ar uainíocht phost an oifigigh um bainistiú eolais idir na blianta 2015 go 2020 agus go mínítear leis sin i bpáirt an gá a bhí le foireann eatramhach chun leanúnachas na seirbhíse a áirithiú, agus thairis sin, nach bhféadfadh Comhghnóthas FCH2 ach an méadú ar ualach oibre iarmhartach a áirithiú le foireann eatramhach, tar éis iarraidh speisialta a fháil óna bhord rialaithe; ag cur béim ar an bhfíoras, áfach, gur cheart gur réiteach sealadach a bheadh san úsáid a bhainfí as foireann eatramhach ós rud é go bhféadfadh sé, murach sin, tionchar diúltach a imirt ar fheidhmíocht Chomhghnóthas FCH2 ina hiomláine, amhail coimeád an bpríomhinniúlachtaí, bealaí neamhshoiléire cuntasachta agus éifeachtúlacht níos ísle foirne; á iarraidh ar Chomhghnóthas FCH2 aon fhorbairt ina leith sin a thuairisciú don údarás um urscaoileadh;

10. ag tabhairt dá haire gur bhain Comhghnóthas FCH2 úsáid as an réiteach ríomhsholáthair le haghaidh nósanna imeachta soláthair oscailte in 2020 agus, ina theannta sin, in 2020, gur ascain Comhghnóthas FCH2 chuig EU Sign;

11. ag tabhairt dá haire, ag deireadh 2020, de réir a thuarascála bliantúla ar ghníomhaíochtaí, go raibh 27 mball foirne ag Comhghnóthas FCH2 (sin 24 ghníomhaire shealadacha, triúr gníomhairí ar conradh faoi seach) agus beirt saineolaithe náisiúnta ar iasacht ó 10 mBallstát agus á chur in iúl gur geal léi a thabhairt faoi deara go bhfuil cothromaíocht inscne i measc na mball foirne (56 % fir agus 44 % mná); á chur in iúl gur geal léi an tionscnamh sármhaith sin agus ag moladh do Chomhghnóthas FCH2 leanúint den chothromaíocht inscne sin a choinneáil;

12. ag tabhairt dá haire gur cúis bhuartha di na dúshláin a bhaineann le paindéim COVID-19 d'fhostaithe, go háirithe agus dálaí maireachtála éagsúla á gcur san áireamh, an easpa rochtana ar spás oifige agus na héifeachtaí a d'fhéadfadh a bheith ag an leithlisiú; á iarraidh ar Chomhghnóthas FCH2 díriú ar dhea-bhail na bhfostaithe, ar bhainistiú struis agus ar chothromaíocht oibre agus saoil; á iarraidh ar bhainistíocht Chomhghnóthas FCH2 a áirithiú go bhfuil struchtúir tacaíochta iomchuí i bhfeidhm chun dea-bhail shíceolaíoch na foirne a áirithiú;

Feidhmíocht

13. ag tabhairt dá haire gur bliain thábhachtach a bhí in 2020 do Chomhghnóthas FCH2 i gcomhthéacs ghlacadh Straitéis Hidrigine an Aontais an 8 Iúil ag an gCoimisiún i gcomhréir le pacáiste téarnaimh NextGenerationEU agus leis an gComhaontú Glas don Eoraip agus go ndearnadh é sin a mharcáil leis an gcéad Seachtain Eorpach um Hidrigin; ag tabhairt dá haire gur d'fhoilsigh Comhghnóthas FCH2 glao amháin ar thogra in 2020 inar cumhdaíodh 24 ábhar agus go bhfuair sé 71 togra agus gur síníodh 22 as 23 de na comhaontuithe deontais in 2020 ina dhiaidh sin; ag tabhairt dá haire gur sheol Comhghnóthas FCH2 trí ghlao ar thairiscintí in 2020 agus go ndearnadh trí staidéar a chur amach ar chonradh, ceann i gcomhpháirt leis an gComhghnóthas Spéire Glaine 2 maidir le húsáid hidrigine agus ceall breosla le haghaidh tiomáint aerárthaí;

14. ag tabhairt dá haire, go raibh 131 tionscadal sínithe faoin gchlár Fís 2020 i bpunann dhomhanda Chomhghnóthas FCH2 ag deireadh 2020, tionscadail a raibh 26 díobh dúnta agus 105 díobh oscailte; ag tabhairt dá haire go bhfuil Comhghnóthas FCH2 rannpháirteach go gníomhach i dtionscnamh an Mhisin um Nuálaíocht atá faoi stiúir an Choimisiúin maidir le hArdán um Ghleann Hidrigine; ag tabhairt dá haire go ndearnadh an Fhaireachlann um Chealla Breosla agus um Hidrigin a sheoladh go poiblí in 2020 i gcomhar le AS T&N, rud a mheastar a bheidh ina huirlis thábhachtach do lucht déanta beartas agus do gheallsealbhóirí eile;

15. ag tabhairt dá haire gur 2,34 a bhí i luach na héifeachta giarála an 31 Nollaig 2020 agus ranníocaíochtaí uile ó chomhpháirtithe príobháideacha á gcur san áireamh, agus 1,69 a bhí inti agus comhaltaí Hydrogen Europe Industry agus Hydrogen Europe Research amháin á gcur san áireamh;

16. ag tabhairt dá haire go ndearnadh forbairt sa bhreis ar shineirgí in 2020 le réigiúin, le comhghnóthais agus le gníomhaireachtaí eile, amhail Comhghnóthas Spéire Glaine 2, an Ghníomhaireacht Feidhmiúcháin um Fhiontair Bheaga agus Mheánmhéide agus an Ghníomhaireacht Feidhmiúcháin um Nuálaíocht agus Gréasáin; ag tabhairt dá haire, mar chuid de Thionscnamh na Réigiún, gur tháinig an treoirthionscadal um Chúnamh Forbartha i bhfeidhm i mí an Mheithimh 2020 agus tacaíocht á tabhairt do 11 údarás phoiblí réigiúnacha agus áitiúla chun a gcoincheapa do thionscadail réigiúnacha Chomhghnóthas FCH2 a fhorbairt agus pleananna oibre mionsonraithe a bheith mar thoradh air sin; ag tabhairt dá haire gur forbraíodh na gleannta agus na héiceachórais hidrigine faoi thionscadal BIG HIT le tacaíocht ó Chomhghnóthas FCH2, go háirithe seoladh an Ardáin um Chríocha Hidrigine; ag cur sonrú, thairis sin, i dtionscadail eile amhail HEAVENN, a thosaigh in 2020;

17. ag tabhairt dá haire go n-úsáideann Comhghnóthas FCH2 Eochairtháscairí Feidhmíochta coiteanna den chlár Fís 2020 agus chun faireachán a dhéanamh ar shaincheisteanna trasearnálacha, chomh maith le táscairí atá sonrach do Chomhghnóthas FCH2 amhail sciar den chistiú a leithdháiltear ar ghníomhaíochtaí taighde i réimsí an fhuinnimh in-athnuaite, éifeachtúlacht fuinnimh úsáideoirí deiridh, eangacha cliste, agus stóráil, chomh maith le tionscadail taispeántais arna n-óstáil sna Ballstáit agus i réigiúin a bhaineann tairbhe as Cistí Struchtúracha agus Infheistíochta an Aontais;

Iniúchóireacht Inmheánach

18. ag tabhairt dá haire gur sheol an tseirbhís um iniúchóireacht inmheánach (IAS) in 2020, i gcomhréir leis an bplean straitéiseach iniúchóireachta inmheánaí do 2019-2021, iniúchadh chun leormhaitheas dhearadh agus éifeachtúlacht agus éifeachtacht an chórais rialaithe inmheánaigh a mheas agus gur chinn sí go bhfuil córas rialaithe inmheánaigh éifeachtúil agus éifeachtach curtha ar bun ag Comhghnóthas FCH2 chun comhaontuithe deontais faoin gclár Fís 2020 a chur chun feidhme agus a dhúnadh agus go bhfuil rialuithe agus tionscnaimh *ex-ante* neartaithe aige chun borradh a chur faoi scaipeadh agus faoi shaothrú, agus thairis sin, nár sainaithníodh aon chritéar nó saincheist an-tábhachtach;

Rialuithe Inmheánacha

19. ag tabhairt dá haire, de réir thuarascáil na Cúirte, go bhfuil nósanna imeachta rialaithe *ex-ante* curtha ar bun ag Comhghnóthas FCH2 bunaithe ar athbhreithnithe doiciméad airgeadais agus oibríochtúla, agus leis sin go ndearnadh creat nua rialaithe inmheánaigh an Choimisiúin a chur chun feidhme in 2019 agus, maidir leis an bhféinmheasúnú bliantúil agus faireachán is gá a dhéanamh ar éifeachtacht na ngníomhaíochtaí rialaithe, gur fhorbair Comhghnóthas FCH2 táscairí ábhartha do na prionsabail rialaithe inmheánaigh agus saintréithe gaolmhara uile;

20. ag tabhairt dá haire, de réir thuarascáil na Cúirte, maidir le híocaíochtaí eatramhacha agus deiridh an Seachtú Clár Réime, go bhfuil Comhghnóthas FCH2 freagrach as iniúchtaí *ex-post* ar áitreabh na dtairbhithe agus, maidir le héilimh ar chostais thionscadail an chláir Fís 2020, gurb í Comhsheirbhís Iniúchóireachta (CAS) an Choimisiúin atá freagrach, agus bunaithe ar na torthaí iniúchta *ex-post* a bhí ar fáil ag deireadh 2020, gur thuairiscigh Comhghnóthas FCH2 ráta earráide ionadaíoch de 1,97 % agus ráta earráide iarmharacha de 1,01 % dá thionscadail de chuid an Seachtú Clár Réime, agus ráta earráide ionadaíoch de 2,16 % agus ráta earráide iarmharacha de 1,34 % do thionscadail an chláir Fís 2020 (imréitigh agus íocaíochtaí deiridh); ag tabhairt dá haire, ón togra le haghaidh rialachán ón gCoimisiún maidir le Fís 2020, gurb é aidhm dheiridh i gcás an leibhéil iarmharaigh earráide tráth a ndúnfar na cláir tar éis thionchar airgeadais na n-iniúchtaí, na mbeart ceartúcháin agus aisghabhála uile a bheith curtha san áireamh, go mbainfear amach an leibhéal atá chomh gar agus is féidir do 2 %;

21. ag tabhairt dá haire go ndearna an Chúirt iniúchadh ar shamplaí randamacha d'íocaíochtaí an chláir Fís 2020 a rinneadh in 2020, ar leibhéal na dtairbhithe deiridh chun comhthacú leis na rátaí earráide iniúchóireachta *ex-post*, mar chuid de na rialuithe íocaíochta oibríochtúla, agus gur léirigh na hiniúchtaí mionsonraithe sin earráid os cionn 1 % de na costais iniúchta a bhí mar thoradh ar ráta malartaithe mícheart a chur i bhfeidhm chun na costais dhearbhaithe a chomhshó go euro;

22. ag cur béim ar an bhfíoras, i dtuarascáil bhliantúil na Cúirte Iniúchóirí ar Chomhghnóthais an Aontais do 2020, go bhfuair an Chúirt earráidí córasacha leanúnacha sna costais phearsanra a bhí dearbhaithe ag tairbhithe, go háirithe i gcás FBManna agus tairbhithe nua; ag tabhairt dá haire go ndearnadh earráidí den sórt sin a thuairisciú go rialta sna hiniúchtaí *ex-post* ar CAS agus ar a iniúchóirí ar conradh; á thabhairt chun suntais, ar leathanach 39 den tuarascáil sin, gur réamhchoinníoll é sruthlíniú rialacha Fís 2020 maidir le costais phearsanra a dhearbhú agus úsáid níos leithne a bhaint as roghanna costais simplithe le haghaidh clár réime taighde a bheidh ann amach anseo, ar mhaithe le rátaí earráide a chobhsú go leibhéal níos ísle ná an leibhéal ábharthachta; ag spreagadh Chomhghnóthas FCH2 neartú a dhéanamh ar a chórais rialaithe inmheánaigh i bhfianaise gur gnách le FBManna agus tairbhithe nua níos mó earráidí a dhéanamh;

23. ag tabhairt dá haire gur díríodh sa cheardlann bhliantúil measúnaithe riosca, a reáchtáladh i mí Dheireadh Fómhair 2020, ar rioscaí criticiúla a dhéanann difear do bhaint amach chuspóirí Chomhghnóthas FCH2 chomh maith le pleananna gníomhaíochta a sainaithníodh sa bhliain roimhe sin, agus go ndearnadh measúnú ar a leormhaitheas agus a n-ábharthacht do 2020 agus 2021, agus, sa bhreis air sin, gur bailíodh agus gur pléadh ionchur comhdhlúite chun liosta a bhunú de rioscaí suntasacha nua do 2020, agus gur tarraingíodh suas na pleananna gníomhaíochta faoi seach; ag tabhairt dá haire, thairis sin, go gcuirtear chun feidhme le Comhghnóthas FCH2 an chomhstraitéis taighde frithchalaoise agus gur eagraíodh seisiúin oiliúna inmheánacha maidir leis an gcóras luathbhraite agus eisiaimh agus maidir leis an uirlis frithbhradaíola in 2020.